



An Bhruiséal, 25 Samhain 2022  
(OR. en)

15222/22

LIMITE

JUSTCIV 162  
FREMP 249  
AUDIO 124  
JAI 1551  
CODEC 1836

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0117(COD)**

**NÓTA**

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|-------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                            | An Uachtaránacht                                                                                                                                                                                                                                                           |
| chuig:                        | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle                                                                                                                                                                                                                                    |
| Uimh. an doic.<br>roimhe seo: | 15159/22                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| Ábhar:                        | Togra le haghaidh Treoir maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí')<br>- Díospóireacht bheartais |

**I. STAD NA hIMEARTHA**

1. An 27 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí' (SLAPP))<sup>1</sup> agus an Moladh comhlántach maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí')<sup>2</sup>.

<sup>1</sup> 8529/22 + ADD1

<sup>2</sup> C(2022) 2428 final

2. Tá an togra le haghaidh Treorach ar cheann de na tionscnaimh dá bhforáiltear sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach<sup>3</sup> atá dírithe ar shaoirse agus iolrachas na meán a neartú. Bunaithe ar Airteagal 81(2)(f) CFAE, cuireann sé uirlisí iomchuí dlí ar fáil d'iriseoirí, do chosantóirí chearta an duine agus do dhaoine eile a ghlacann páirt ghníomhach i ndíospóireacht phoiblí chun iad féin a chosaint ar chásanna dlí darb aidhm iad a imeaglú agus a chur ina dtost. Tá sé beartaithe leis an Treoir coimircí nós imeachta a sholáthar in imeachtaí sibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu.
3. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an coiste atá freagrach as an togra, agus is é an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an coiste don tuairim. Is é Tiemo Wölken an rapóirtéir don chomhad.
4. An 26 Deireadh Fómhair 2022, d'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim<sup>4</sup> maidir leis an togra.
5. Sa Chomhairle, tá an scrúdú ar an togra á dhéanamh ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (dá ngairtear 'an Mheitheal um SLAPP' anseo feasta). Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um SLAPP an 13 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh na Treorach maidir le SLAPP a chomhrac, an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi agus an Moladh maidir le SLAPP a chomhrac.
6. Cuireadh tús le scrúdú airteagal ar airteagal ar an togra le linn Uachtaránacht na Fraince agus leanadh leis le linn Uachtaránacht na Seice ag cruinniú na Meithle an 25 Iúil 2022. D'fhone dréachtú an téacs chomhréitigh maidir le Caibidil I agus Caibidil II a éascú, d'eisigh an Coimisiún páipéar leathoifigiúil ina bhfuil tuilleadh soiléirithe agus mínithe ar phointí sonracha a shainaithin an Uachtaránacht, páipéar a tíolacadh ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 9 Meán Fómhair 2022.

---

<sup>3</sup> COM(2020) 790 final

<sup>4</sup> SOC/734-EESC-2022

7. Le linn chruinniú Mheitheal um SLAPP an 10 Deireadh Fómhair 2022, thíolaic an Uachtaránacht, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, téacs athbhreithnithe Chaibidil I agus Chaibidil II (Forálacha ginearálta agus comhrialacha maidir le coimircí nós imeachta). Pléadh an téacs comhréitigh ag dhá chruinniú a bhí ag an Meitheal ina dhiaidh sin agus d’eascair dhá leagan athbhreithnithe as sin.
8. I bhfianaise na n-idirnasca láidir idir forálacha na chéad cheithre Chaibidil, lean an Uachtaránacht den chaibidlíocht maidir le Caibidil III agus Caibidil IV (Luathdhíbe imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús agus Leigheasanna ar imeachtaí éagóracha cúirte). D’eisigh an Uachtaránacht páipéar leathoifigiúil le bheith mar bhonn do na moltaí ó na Ballstáit maidir le dréachtú le haghaidh an téacs comhréitigh. Le linn chruinniú na Meithle um SLAPP an 22 Samhain, thíolaic an Uachtaránacht a chéad togra comhréitigh maidir le Caibidil III agus Caibidil IV.
9. Cé gur gá tuilleadh plé a dhéanamh ar leibhéal na Meithle d’fhonn freastal ar thuairimí na mBallstát, rinneadh dul chun cinn suntasach, le linn na n-ocht gcruinniú thiomnaithe a bhí ag an Meitheal go dtí seo, maidir le go leor saincheistanna substaintiúla agus teicniúla.
10. Ar an gcéad dul síos, féachann an téacs comhréitigh lena áirithiú gur fearr a léirítear i bhforálacha an togra cuspóir na Treorach — imeachtaí sibhialta a éascú i gcásanna a bhfuil impleachtaí trasteorann acu chun iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine eile a chosaint ar SLAPPanna — agus nach n-eascróidh mí-úsáid as i gcás ina bhfuil éileamh dlisteanach ag éilitheoir. Chuige sin, déantar soiléiriú breise sa téacs comhréitigh ar choincheapa na n-éileamh agus na n-imeachtaí mí-úsáideacha cúirte atá gan bhunús go follasach agus gur cheart na coimircí nós imeachta as a bhféadfadh an cosantóir tairbhe a bhaint a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, mar a leagtar amach in Airteagal 47 den Chairt. Tugtar sainmhíniú níos fearr ann freisin ar raon feidhme pearsanta na Treorach trí mhíniú breise agus samplaí breise a thabhairt sna haithrisí maidir le coinceapa iriseoirí, chosantóirí chearta an duine agus daoine eile agus maidir leis na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí a bhféadfaidh siad a bheith ag gabháil dóibh. Tugtar le fios sa téacs comhréitigh go bhfuil cosaint leordhóthanach ar mhí-úsáid na mbeart faoin Treoir le baint amach trí dhiscreíd leordhóthanach a thabhairt do chúirteanna náisiúnta nuair a chinneadh siad na bearta sin a chur i bhfeidhm i gcásanna áirithe.

11. Ar an dara dul síos, chuir na Ballstáit in iúl go raibh inní orthu faoin tionchar a bheadh ag an Treoir ar an dlí nós imeachta náisiúnta, go háirithe ar imeachtaí coiriúla. Sa téacs comhréitigh, shoiléirigh an Uachtaránacht nach mbunaítear leis an Treoir rialacha maidir leis an nós imeachta coiriúil, i gcomhréir le bunús dlí Airteagal 81(2)(f) CFAE.
12. Ar deireadh, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh inní orthu dá ndéanfaí sainmhíniú ar ábhair a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a leagtar síos sa dara mír den togra ón gCoimisiún go bhféadfadh léirmhíniú leathan ar an gcoincheap teacht as sin. Dá bhrí sin, mhol an Uachtaránacht rogha as ceithre dhréacht mhalartacha maidir le hábhair a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Ós rud é nach bhféadfaí aon tuairim reatha ó na Ballstáit i bhfabhar aon cheann de na roghanna dréachtaithe atá beartaithe a aimsiú ar an leibhéal teicniúil ag an gcéim sin, tá saincheist na héifeachta trasteorann fós ina ábhar buartha ag an Meitheal.

## **II. NA CUIR CHUIGE BEARTAIS A MOLADH**

13. Cé gur thacaigh na Ballstáit, tríd is tríd, le haidhm na Treorach imeachtaí sibhialta a éascú chun an ceart chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán atá ag daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint, tá sé curtha in iúl acu gur gá a áirithiú nach gcuirfidh na bearta um SLAPPanna a chomhrac cosc ar éilimh dhlisteanacha a shaothrú os comhair na gcúirteanna, rud a sháródh rochtain an éilitheora ar an gceartas.
14. Ar an gcéad dul síos, luaigh na Ballstáit gur cheart na coimircí nós imeachta dá bhforáiltear sa Treoir a spriocdhíriú go cúramach agus i gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil, chun deireadh a chur leis an riosca go mbainfeadh na cosantóirí a bhfuil sé d'aidhm ag an Treoir iad a chosaint mí-úsáid as. Ar an dara dul síos, ba cheart a chur i dtábhacht i dtéacs na Treorach gur gá do na cúirteanna scrúdú iomchuí a dhéanamh ar chás sula ndíobhfaí é toisc é a bheith gan bhunús go follasach nó sula ndeonófaí ceann de na leigheasanna dá bhforáiltear sa togra le haghaidh imeachtaí éagóracha cúirte. Chuir na Ballstáit in iúl nár cheart cosaint faoin Treoir a dheonú dóibh siúd a scaipeann bréagaisnéis d'aon ghnó chun dochar a dhéanamh do chlú duine.

15. Tríd is tríd, is díol sásaimh do na Ballstáit na feabhsuithe a rinne an Uachtaránacht ar théacs an togra agus an cur chuige níos cothroime atá i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le cosaint na gceart bunúsach atá i gceist. Mar sin féin, chuir roinnt de na Ballstáit béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil agus d'athdhearbhaigh siad nár cheart mí-úsáid a bhaint as na bearta a mholtar sa Treoir a rachadh chun aimhleasa éilitheoirí a bhfuil éilimh dhlisteanacha á saothrú acu.
16. Agus aird á tabhairt ar an bprionsabal nach gcomhaontaítear aon rud go dtí go gcomhaontaítear gach rud, tá an Uachtaránacht den tuairim go n-éascófar an obair a dhéanfar amach anseo ar an Treoir leis an bplé ar an leibhéal polaitiúil.

***Ceist:***

**I bhfianaise an dul chun cinn a rinneadh ar an leibhéal teicniúil, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le cibé acu ba cheart nó nár cheart foráil a dhéanamh sa Treoir do choimircí leordhóthanacha ar mhí-úsáid imeachtaí sibhialta arna dtionscnamh chun rannpháirtíocht phoiblí agus saoirse agus iolrachas na meán a chosc, a shrianadh nó a phionósú, agus a áirithiú ag an am céanna go gcoinneofar ar bun an ceart chun rochtain éifeachtach a fháil ar an gceartas.**